

Tart Casan na hAille

. (L. 72-75)

Bíodh go mbíonn drannadh gáire na fairrge le clos aníos ó bhun Casán na hAille sa ngeimhreadh agus an tonn-ghlór agus go mbíonn caipín ceo ar na creaga agus i áirde bíonn ean faadháin eicint le feiceál tart ann no plannda le breathnú. Bíonn sgréach caol na bhfaoileán san aer agus cuaireann an roilleach uail uaigneach aiste agus í ag imtheacht roimh an gcoiscríoch a' theacht ina háitreabh. Tá na hailtracha uile faoi bhrat dorchá leithe ag an gcubhar séidhte agus na seamaidí feir fein tá siad beagnach go preamh ag an síor-ghéideadh. Ach fearacht locaí na nAlp cuireann cimíneach na nalltracha an domhan de bláthanna glé dheithe aníos faoi Bealtaine agus faoi Mheitheamh. Tá crutan an gheimhridh curtha acab agus an borradh a bhí préachta ag an gcruatan céadna tigh sé aníos ina thoradh céadach an dá luath is a bhuadhar an teas an bhfuacht. Níl aon sgoilt carraige dá lagad a bhfuil ruainne creafóige innte gan a barr de na nóiníní cladaigh ag fás as a gcruinn chuisiní uaine.

An aill os ár gcionn tá sí gléigeal faoin sgrath-chloch seargtha agus tá an coiréan cladaigh na thomaibh crochta anuas d'éadan na haille, an coiréan úd na nduilleog nglas a bhfuil na bláth míne air ag fás as an mbolgán aisteach crotail. Is aoibhinn an feic an mogallra de línte corcra agus línte liatha atá timcheall ar an gcrotal garbh céadna.

Sgoilt an crotal agus cídhfidh tú istigh ina lár an síol agus loinnir air mar bheadh ar phéarla dubh, agus é leagtha ar bhataí lásacha ceosánach an mhintíl agus seanáin. An pus capaill a fhásas annseo cuireann aer guirt na háite blátha crudhearg air a sháruigheann dath bláth faoi thír. I measg tomacha den chaoimín agus den crobh-éin buidhe tá salchuacha agus iad dóighe dubh-chorcra ag pógaí fairsinge feadaine na ngalam gréine.

Tá cuimse gan aireamh de na feileacháin balla imeasg na mbláth. Is ait atá siad baiste mar tá siad tugtha dá bheith a luighe ar na ballaí teo agus na leacracha. Tá siad sa tóir ar a chéile gan stad na stionadh iad féin agus na feileacháin bheaga gorma agus na cinn rua-ghorma annsin imeasg na tomacha na nóiníní mil-chumhra cladaigh – tá fhios agat an chumhracht fiadháin úd a gcuirfeadh puf beag de an óige a' preabadh san gcroidhe is tuirsighe ar bith.

Tá Ceann Brí ina chonaire cosbhualte ag an bpobal, ach má tá féin tá coimirce le faghail ann ag mór-chuid éan i n-aimsir guir, coimirce nach mbriseann gadaidhe ar bith, ach an gadaidhe sgiathánach. Baineann an chathóg an deachmhadh as mórán neadracha agus fionnóg fhánach a dhul thart di gníonn sí an rud céadna is dóigh. Ach tá an aill faoi'n gcasán ina balla díreach gan claonadh ná fána an chuid is mó den bhealach agus tá an rál-bhóthar leagtha treasna ina lár, rud a thugas chosaint thar cionn don éan. Tá an cáthadh na maoim le feiceál abfad síos mar a bhfuil an ceobhrán tanaidhe ag eirghe den fairrge. Tá cuimse broigheall ar an strapa tirim fúinn, agus iad a'deanamh gaoithe leis na sgiatháin leis an gclumhach a thriomadh tar éis seal casgaigh sa dubhsnámh. Tá cuile eagsamlacht clumhaigh ortha de réir a n-aoise. Tá clumhach dubh-lonnrach ar na sean-éanacha agus brollach odhar ballach ar na cinn óga. Ní leigeann an fiadhántas agus coithigheas dóibh gor

a dhéanamh san áit seo ná iaon áit thart taobh amuich de na hOileáin Sáile agus Reachra Breagh.

Tá péire roilleach ina bhfairreadh agus eilteog mhear lachan aca agus iad a' greadadh ó phoinnte go céile. Tá faoilean sgadán tall is abus a faineáil ar sgiatháin sheasta ach an chuid is mó aca tá siad glanta leo go dtí an neadlann.

Tig peire éan dubh bán de sgiúird as uacaisí na haille thuas ar mhear-sgiatháin. Cuireann stealladh suas leis an mbualadh ar an uisge. Casann siad agus tugann aghaidh ar a chéile.

Síos leo de preib faoin bpoll agus dá mbeadh gloineacha maithe páirce agat d'fhéadfá a bhfeiceál agus fíor-eiteall faoi uisge dá dhéanamh aca le mear-bhuillí sgiathán. Tá an fhairrge chó tuingheal uaine go bhfuil na cosa oraisteach le feiceál agus iad leathnuithe taob thiar díobh. Péire forachan dubha iad, tá a gcineál sathach gann ar na cóstaí seo. Ní shíolruigheann siad chor ar bith chó líonmhar le n-a ngaol an forcha geal (an t-éan aille). Is furasta iad aithneachtáil thar na forchain geala ar an mball bán feiceálach ar an sgiatháin agus ar dath na gcrubh agus na gcos.

Tá roinnt péire colm aille ar sgéith os cionn na mbroigheall maordha ar an strapa thíos. Comhnuigheann na coilm aille is na uamhnaibh cladaigh annseo. An chlumhach bán ar an taobh íochtair dá sgiatháin agus ar a n-aithnighthear iad cruthuigheann sé gur fíor-chuilm iad agus nach cuilm stocáin iad. Comhnuigheann na cuilm stocáin i n-uamhnaibh cladaigh uaireannta agus tá mórán daoine nach n-aithnigheann cineál aca tart an gcineál eile.

Connacthas péire préachain ablaigh – éanacha ganna in Éireann agus iad a guairdeal os cionn na n-alltracha i dtús an earraigh ach is cosamhail gur shocrúigheadar gan gor a dhéanamh sa gCeann mar níl a ndath le feiceál le goirid. Ba í Beann Éadair an áit ar thugadar gean dó anuraidh.

Na héanacha beaga a chothuigheann uachtar na n-ailltreacha agus na fanaidh féaracha níl siad có feiceálach leis na móir-éanacha ach tá siad chó suimeamhail ceadna leo. Tá na fuiseoga annseo agus a ngaolta na Riabhóga cladaigh. Ní minic a chídhtear an riabhóg bheag cladaigh abfad ón gclochrán ná ó láibeanna sáile. Is féidir a glaodh beag uaigneach a chlos i náit ar bith a bhfágann an taoille snátha mara. Nuair a thosúigheas an dith-tráigh bíonn sí cruadhógach tall is abhfus ar preab-eilteog ag cuardach drancaidí mara. Bíonn a nead i gcomhnaidhe foluighthe go maith sa gcarraig nó faoi thom de na nóiníní cladaigh achar suas uainn. Tá caislín dearg, an coileach agus a leith-éan le n-ais ar eilteog ó ghasainín rainigh go tom aitinnte agus an tsíor-chaislíneacht ar bun aca. Níl ortha ach imnidhe bhréige go deimhin mar tá folach ró-mhaith ar a nead le na faghail go reidh agus níl baoghal ar bith go leigfidh siad a rún uatha an fhad is atámuid thart in aice leo.

Tá an gabhlán binne le feiceál annseo agus ní hé a ainm a mheabhróchadh duit go mbeadh ach tá mórán de na héanacha gleoidhe seo ar sgéith tart faoi bharr na n-alltracha. Sé an cibín atá chó bán leis an sneachta a dhealuigheas ón ngealbháin gainimhe é. Is ar an mbruach gainimhe faoi thír a ghníos an gabhlán gainimhe (an bruachallán) a nead.

San am nach raibh tighthe dá dtógáil is cinnte go ndéanadh an gabhlán binne a nead i n-uamhain ar bith a bheadh comhangarach, agus san áit nach raibh an uamhain sin le faghail ghreamuigh sé a nead láibe d'éadan na haille nó faoi caitheamh carraige éigin. Is mó a bheadh luighe an éin finnsgéalaigh seo le na leithid d'áit álainn na le gnáth-áitreabh daonna. Is cosúil go bhfuil an sean-ghean ag cuid aca fós ar na halltracha fiadhaine agus ar shíor-

mhongar na dtonn ag á na mbun agus ar dhordán na mbeach a bhíos le clos an lá fada san
aitinn buidhe ar uachtar na haille agus ar bhlátha an chaireáin ghlas ar an argaint thíos.